



**Ciorclán 0039/2019**

## **Chuig an bPríomhfheidhmeannach ar gach Bord Oideachais agus Oiliúna**

**Athruithe ar na Rátaí Cothaithe atá i bhFeidhm ón 1 Iúil 2019 agus atá Iníoctha le Baill de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus de Choistí Reachtúla.**

### **RÉAMHRÁ**

Tar éis don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú a dhéanamh ar na rátaí caighdeánacha cothaithe atá i bhfeidhm, d'iarr an tAire Oideachais agus Scileanna orm fógra a thabhairt duit faoi athruithe ar na rátaí liúntas taistil agus cothaithe atá iníoctha le baill na mBord Oideachais agus Oiliúna agus na gCoistí Reachtúla.

Meabhraítear do Bhoird Oideachais agus Oiliúna go bhfuil caiteachas taistil agus cothaithe faoi réir teorainneacha ceadaithe. Is faoi gach Bord Oideachais agus Oiliúna atá sé a chinntiú go gcloifear lena theorainneacha buiséadacha. Ba cheart don Bhord leanúint lena chinntiú nach ndéanfar ach taisteal atá riachtanach agus go gcoimeádfar an líon ball a rachaidh ar aon turas oifigiúil chomh híseal agus is féidir.

Ba cheart do BOOnna a chinntiú go ngearrfar siar a oiread agus is féidir ar chaiteachas ar thaisteal sa tír seo agus thar lear araon.

Ba cheart iompar poiblí a úsáid nuair is féidir. I gcás gur féidir taisteal d'iarnród nó de bhus, beidh an liúntas a íocfar cothrom le costas iarbhír an taistil. I gcás gur gá feithicil phríobháideach an bhaill a úsáid, féadfar liúntais mhíleáiste a íoc i gcomhréir leis na rátaí atá leagtha amach sa chiorclán seo.

### **Gnáthrátaí Cothabhála Baile**

1. Tá na gnáthrátaí leasaithe don liúntas cothabhála in Éirinn leagtha amach sa sceideal in Aguisín 1.
2. De réir na nósanna imeachta comhaontaithe agus ar aon dul leis na hathruithe ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí, ní thiocfaidh méadú ar an ngnáthráta thar oíche.

### **Ráta Lóistín Deimhnithe (“VA”) do Bhaile Átha Cliath**

3. Tá ráta Lóistín Deimhnithe fós i bhfeidhm áit a mbíonn deacrachtaí ag oifigh lóistín oiriúnach a aimsiú i mBaile Átha Cliath laistigh den ghnáthráta.
4. Ina leithéid de chásanna, fanfaidh Ráta Lóistín Deimhnithe mar chostais dheimhnithe an lóistín suas le teorainn den ghnáthráta thar oíche (€147.00) móide €36.97.



5. De réir an pholasáí atá ann faoi láthair, nuair a fhaigheann oifigeach lóistín a sháraíonn costas an ghnáthráta thar oíche nó ráta an lóistín dheimhnithe de réir mar is cuí, beidh sé/sí freagrach go hiomlán as an gcostas breise lóistín sin a sheasamh. Tarraingítear aird na n-oifigeach ar Alt 3 de Chiorclán 11/1982: Rialacháin Taistil agus Cothabhála ina luaitear ‘nach bhfuil i gceist go n-íocfaidh an liúntas cothabhála iníoctha costas iomlán na cothabhála’.
6. Leanfar leis an ngnáthráta Thar Oíche má fhaigheann oifigigh lóistín agus béilí i mBaile Átha Cliath laistigh den ráta. I gcás nach féidir le hoifigigh teacht ar lóistín laistigh den ráta seo, is féidir leo ráta an Lóistín Dheimhnithe a éileamh. Ní mór costais lóistín a dhearbhu nuair a bhíonn an t-éileamh ag an ráta Lóistín Dheimhnithe.

#### AN DÁTA FEIDHME DO NA SOCRUITHE LEASAITHE

Is é an 1 Iúil 2019 an dáta feidhme do na rátaí leasaithe taistil agus cothabhála ag Baill de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus de Choistí Reachtúla.

#### NÓTA GINEARÁLTA

Tá íocaíocht na rátaí atá údaraithe sa Chiorclán seo faoi réir ag Ciorclán 11/82 agus ag aon treoir eile a bhíonn i bhfeidhm ó am go ham, ar a n-áirítear na riachtanais fad taistil mar atá i gCiorclán DPER 05/2015: Rátaí Cothabhála le héifeacht ón 1 Iúil 2015.

Leanfar leis na socruithe atá i bhfeidhm cheana féin do bhoird bainistíochta scoileanna agus Coistí Iniúchta agus Airgeadais, mar a leanas:

Cuirfear uasteorann de 20 ciliméadar ar chostais taistil do bhaill Bhoird bainistíochta scoileanna do thuras singil i ngluaisteán príobháideach. Nuair a dhéantar taisteal ar bhus nó ar thraein, íocfar costais dheimhnithe amháin.

Ní íocfar rátaí cothabhála do bhaill Bhoird bainistíochta chun freastal ar chruinnithe bainistíochta. Mar sin féin, is féidir le scoileanna tae/caife agus sólaistí éadroma a chur ar fáil ó mhionairgead má cheadaíonn an Bord a leithéid.

Ní cheadaítear do bhaill eatramhacha Choiste Iniúchta nó Airgeadais a fhaigheann liúntas as freastal ar Choiste Iniúchta nó Airgeadais liúntas taistil agus cothabhála.

Bí cinnte le do thoil go ndírítear aird na mball uile de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus de Choistí Reachtúla, ar chóipeanna den chiorclán seo.

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ag: [www.education.ie](http://www.education.ie)



## CEISTEANNA

Ba chóir aon cheisteanna faoi iarratais aonair a ardú leis an BOO ábhartha ar an gcéad dul síos.

Is féidir aon cheisteanna ginearálta faoin gcioclán seo a chur ar ríomhphost chuig an Roinn ag [financialetb@education.gov.ie](mailto:financialetb@education.gov.ie).

Martina Mannion  
Príomhoifigeach  
Rannóg Airgeadais & Pearsanra Riaracháin BOO  
Iúil 2019



**Aguisín 1**  
**Gnáthrátaí Cothabhála Baile**  
**I bhfeidhm ón 1 Iúil 2019**

Rátaí Thar Oíche		
Gnáthráta	Ráta Laghdaithe	Ráta Coinneála
€147.00	€132.30	€73.50

Rátaí Lae	
10 n-uair nó os a chionn	5 uair nó níos lú ná 10 n-uair
€36.97	€15.41

**Lóistín Dheimhnithe (“VA”) Rátaí Cothabhála Baile (le húsáid i mBaile Átha Cliath amháin I bhfeidhm ón 1 Iúil 2019**

Ráta an Lóistín Dheimhnithe (“VA”)	Lóistín		Béilí
Ráta an Lóistín Dheimhnithe	Costas an lóistín <u>dheimhnithe</u> suas le €147.00	Móide	€36.97